# Leacht Cuimhneacháin an Gharda Síochána Searmanas Ath-thiomnaithe

**Dé Sathairn, an 16ú lá de Mheán Fómhair 2023**



IN MEMORY
OF THE MEMBERS
OF THE GARDA SĪOCHĀNA
WHO GAVE THEIR LIVES
IN THE SERVICE OF
THEIR COUNTRY

## Réamhrá an Choimisinéara



Tá fáilte mhór romhaibh go léir chuig Ceanncheathrú an Gharda Síochána inniu agus sinn ag ath-thiomnú an Leacht Cuimhneacháin nua-athchóirithe do phearsanra uile an Gharda Síochána a bhásaigh i mbun seirbhíse.

Mar chomóradh 100 bliain ó bunaíodh An Garda Síochána, chuireamar tús le próiseas athchóirithe anuraidh ar an Leacht Cuimhneacháin reatha ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána lena chinntiú go bhféadfaimis saol agus seirbhís na mball agus na foirne go léir a bhásaigh i mbun seirbhíse a chomóradh.

Le linn ár stair 100 bliana, tá mó ná 1,800 pearsanra tar éis bás a fháil i mbun seirbhíse. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú luachmhar a rinne gach duine acu, agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid seirbhíse don Gharda Síochána agus don Stát. Ba mhaith liom cuimhneamh freisin ar ár 89 comhghleacaithe atá ar lár a thairg seirbhís neamhleithleach agus a thug a mbeatha i gcomhlíonadh a ndualgas.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh theaghlaigh, chomhghleacaithe agus chairde ár mball a cailleadh, agus buíochas a ghabháil libh as an tacaíocht dochreidte a thug sibh dár gcomhghleacaithe a tógadh uainn róluath. Thug sibh tacaíocht do bhur ndaoine muinteartha, ar na laethanta ba dheacra agus chuir sibh ar a gcumas a n-obair ríthábhachtach a dhéanamh ionas go gcoimeádfaí saoránaigh na hÉireann slán.

Tá a n-ainmneacha ar fad ar Leacht Cuimhneacháin an Gharda Síochána anois, agus cuireann sé spás suaimhneach, sollúnta ar fáil le haghaidh machnaimh chiúin.

Fáiltim romhaibh am a ghlacadh inniu chun machnamh a dhéanamh anseo ag an leacht agus cuimhneamh orthu siúd atá caillte againn.

Suaimhneas síoraí dá n-anamnacha

**Drew Harris**
Coimisinéir
An Garda Síochána

**Athchóiriú Leacht Cuimhneacháin an Gharda Síochána**

Mar chuid dár gComóradh Céad Bliain agus i gcuimhne ar na daoine a d'oibrigh do An Garda Síochána ó bhliain a bhunaithe, 1922, cuireadh tús le hoibreacha chun an Leacht Cuimhneacháin ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána a uasghrádú in 2021.

Rinne Bainistíocht Eastáit an Gharda Síochána agus Oifig na nOibreacha Poiblí maoirseacht ar na hoibreacha uasghrádaithe ar an leacht cuimhneacháin atá ann faoi láthair, lena n-áirítear athchóiriú, leasú agus uasghrádú an Leachta Cuimhneacháin.

Rinneadh oibreacha cothabhála riachtanacha ar an gcrann ingearach, suiteáladh rampa, atógadh an póidiam agus athleagadh na clocha eibhir. Chomh maith leis sin, rinneadh tírdhreachú bog agus cuireadh suíocháin bhinse ar fáil, mar aon le soilse seachtracha agus lochán maisithe nua.



Tá breis is 1,800 ainm de Phearsanra an Gharda Síochána, a cailleadh i mbun seirbhíse, greanta ar phlátáil chré-umha mórthimpeall ar an lochán maisithe agus tá an leacht cuimhneacháin cloiche atá ann cheana féin nuashonraithe agus tá ainmneacha na gComhaltaí den Gharda Síochána a maraíodh le linn dóibh a bheith i mbun dualgais le feiceáil anois freisin.  Tá sé beartaithe ainmneacha breise a chur le Leacht Cuimhneacháin an Gharda Síochána ar bhonn bliantúil.

Is áit shuaimhneach, shollúnta é suíomh Leacht Cuimhneacháin an Gharda Síochána anois, áit atá feiliúnach do mhachnamh agus cuimhneachán agus bealach lena chinntiú nach ndéanfar dearmad ar na Pearsanra uile den Gharda Síochána a cailleadh le linn dóibh a bheith i mbun seirbhíse don Stát.



## Stair Leacht Cuimhneacháin an Gharda Síochána

Ar an Aoine, an 21 Deireadh Fómhair 1966, nochtadh Leacht Cuimhneacháin ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána, i gcuimhne ar na comhaltaí den Gharda Síochána a chaith a saol i mbun seirbhíse don Stát ó bunaíodh An Garda Sibhialta (An Garda Síochána ina dhiaidh sin) i mí Feabhra, 1922. Ar an lá a nochtadh é, bhí ainm 16 Chomhalta liostaithe ar an Leacht Cuimhneacháin, comhaltaí a maraíodh le linn dóibh a bheith i mbun dualgais.

Is éard a bhí sa Leacht Cuimhneacháin ardán eibhir ardaithe agus céimeanna leanúnacha ar an dá thaobh. Bhí an tiomnú cuimhneacháin a bhí mórthimpeall ar shuaitheantas an Gharda Síochána snoite i nGaeilge ar thaobh amháin agus i mBéarla ar an taobh eile. Ag cúl an ardáin, bhí ardán eibhir ardaithe ar a raibh dhá tháibléad aolchloiche chlaonta, agus ainmneacha na ndaoine a raibh comóradh á dhéanamh orthu greanta. Ba i gContae Chill Mhantáin a aimsíodh an t-eibhear a úsáideadh sa Leacht Cuimhneacháin.

Ba é Kevin G. Walsh and Company a thóg an Leacht Cuimhneacháin, James Ryan and Sons a rinne an obair chloiche agus Michael Biggs a rinne an greanadh. Ba iad na hailtirí a ceapadh an tUasal R. McGrath, Príomhailtire, Oifig na nOibreacha Poiblí, agus chabhraigh Messers F. Du Berry agus N. Keating leis..[1]






[1] Iris An Ghárda, Samhain 1966, lch 749.

Ba é an tAire Dlí agus Cirt, Brian Lenihan, T.D agus Coimisinéir an Gharda Síochána, William Quinn, a nocht an Leacht Cuimhneacháin.

I rith a óráide, thagair an tAire Lenihan don tábhacht a bhain ‘leis an saol daonlathach, saol a bhí ag brath ar neart agus ar chobhsaíocht a institiúidí agus fórsa póilíneachta a raibh meas air, a raibh sé mar aidhm aige síocháin a chaomhnú’. Ag deireadh a óráide dúirt sé gur dhá bhua bhunúsacha iad misneach agus seirbhís, arb ionann iad i dteannta a chéile agus bua iontach an tírghrá, bua nár bhain teorainn leis riamh agus a bhí ábhartha do gach glúin.

Chuir an Coimisinéir Keane, a bhí ag obair mar Choimisinéir idir 1965 agus 1967, ‘a bhuíochas in iúl don rialtas as an Leacht Cuimhneacháin seo a chur ar fáil i gcuimhne na marbh’. Chuir sé in iúl gur cúis bhróid dó go bhfuil fir ag obair do An Garda Síochána sa lá inniu ann atá toilteanach aithris a dhéanamh ar an méid a rinne an chéad ghlúin den Fhórsa. Agus ar deireadh, dúirt sé gur onóir mhór dó go raibh sé ag obair taobh leis na daoine a cailleadh le linn dóibh a bheith ar dualgas.[3]






[2] Irish Independent, an 22 Deireadh Fómhair 1966, lch 13.
[3] Iris An Ghárda, Samhain 1966, lch 747.

## Buíochas

**Ba mhaith leis an gCoimisinéir agus leis an nGarda Síochána aitheantas a thabhairt d'obair bhaill Ghrúpa Stiúrtha an Chomórtha Céad Bliain, san am atá thart agus san am i láthair, a thug an tionscadal seo chun críche.**

**Gabhaimid buíochas freisin lenár bhFoireann Bainistíochta Eastát an Gharda Síochána agus le hOifig na nOibreacha Poiblí as ucht na hoibreacha a éascú, as an gcúram a rinne siad de na mionsonraí, agus as an gceardaíocht a léiríodh agus an leacht á athchóiriú.**